## Clóscríobhán Royal

OIFIG AN AIRE SLÁINTE

BAILE ÁTHA CLIATH.

1 Feaḃra, 1951.

A ċara,

Ba ṁaiṫ liom, inniu, an lá atá na Rialaċáin Sláinteaċais Bíḋ ag teaċt i ngníoṁ, an litir seo a ṡeolaḋ ċun an dreama ar a mbeiḋ an náisiún ag braṫ ċun caiġdeáin ġlaineaċta i gcúrsaí láiṁseala bíḋ d'feaḃsú. I gcaiṫeaṁ na sé mí d'imiġ ó foilsiúḋ na Rialaċáin, d'féaċas léna ḋéanaṁ cinnte go ḃféadfaḋ gaċ duine lena mbaineann a fáil amaċ go réiḋ cad atá air a ḋéanaṁ, agus tá súil agam go ḃfuil tuairim maiṫ agat faoin am seo cad é táṫar a lorg.

Ní hé aṁáin go ḃfuil nósa neaṁġlana maidir le láiṁseáil bíḋ gráiniúil iontu féin, aċ d'féadfaidís a ḃeiṫ ina gcúis le nimiú ó ḃia agus le galair eile a leaṫaḋ. Tá cruṫaiṫe ag luċt leiġis gur féidir an ċontúirt sin a laġdú go mór má coimeádtar tiṫe, fearais agus áraistí nó soiṫiġ fíor-ġlan, agus má ċomlíonann na daoine go léir a láiṁsíos bia na rialaċa simplí sláinteaċais. Is ċuige sin a ceapaḋ na Rialaċáin Sláinteaċais Bíḋ.

Cuirfiḋ na húdaráis sláinte – na Bardais Ċaṫraċ agus na Coṁairlí Contae – na Rialaċáin i ngníoṁ ina gceantair féin. Má ḃíonn coṁairle uait i dtaoḃ an ċúraim is ceart a ġlacaḋ i gcúrsaí sláinteaċais maidir le bia, ba ċeart duit í d'iarraiḋ ar an údarás sláinte áitiúil. Cabróiḋ siad sin go fonnṁar leat, agus iarraim ort coṁoibriú leo. Ná bíoḋ aon drugall ort eolas d'iarraiḋ ar a gcigirí sláinte.

Cé naċ féidir linn barr ár méine a ḃaint amaċ tar oíċe, tá a ḟios agam go ndéanfaiḋ luċt ceannais siopaí, monarċana, stórtá, tiṫe ósta nó aíoċta, tiṫe bíḋ, siopaí uaċtair oiġreata, stallaí bíḋ agus tiṫe eile ina láiṁsítear bia a gcion ċun na caiġdeáin ġlaineaċta is airde a ḃaint amaċ, mura ḃfuil sin déanta acu ċeana. Táim cinnte freisin gur féidir liom muinín a ḃeiṫ agam go ndéanfaiḋ gaċ duine – príoṁ-ċócairí, cócairí, fir agus mná frioṫála, cúntóirí i siopaí agus i dtábairní agus daoine eile – a ḋíċeall sa ḃfeaċtas seo.

Is mise,

Noel De Brún.

Aire Sláinte.

Litir chlóscríofa dar dáta 1 Feabhra 1951.